# PLEAN STRAITÉISEACH 2010 - 2012

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**"Is í fís SFAÉ, go mbeadh sí mar sheirbhís fuilaistriúcháin a sholáthraíonn sárchúram sláinte fuilaistrithe do mhuintir na hÉireann."**



# Clár

**Plean Straitéiseach 2010 – 2012** 6

**Struchtúr Rialachas** 9

**Sinne** 10

**Comhthéacs don Phlean Straitéiseach 2010 – 2012** 13

**Treo Straitéiseach** 15

:01 Soláthar fola agus seirbhísí inbhuanaithe sábháilte a chur ar fáil a shásóidh gach caighdeán sábháilteachta agus comhaill 16

:02 An cleachtas idirnáisiúnta is fearr a choinneáil 19


:03 Cuísheirbhísí othair a sholáthar chun freastal ar riachtanais othar agus cliniceoirí 20

:04 Oiriúnú do Chomhshaol Gnó atá ag Athrú 22

:05 Gaolmhaireacht agus Comhghualaíocht 26

:06 Athchumrú Seirbhísí 27

**Straitéis Airgeadais** 29



“Ní laghdóidh an tiomáint chun luach ar airgead a fháil, i gcomhthéacs le lánseirbhís níos éifeachtúla, ár dtiomantas chun seirbhís shábháilte cháilíocht-dírithe a thairiscint d’othair agus do dheontóir

# Réamhrá

Is ábhar sásaimh dom Plean Straitéiseach 2010 – 2012 SFAÉ a chur ar fáil. Is iomaí dúshlán atá ann don tseirbhís phoiblí i dtráth seo na mórdheacrachta geilleagair. Na saindúshláin atá ann do SFAÉ maidir le soláthar sábháilte seasmhach fola a chur ar fáil go leanúnach dóibh siúd a bhfuil sé uathu, fad atá athruithe á bhfeidhmiú agus tuilleadh éifeachtúlachta á aimsiú, éileoidh siad forfheidhmiú na dtéamaí straitéiseacha atá leagtha síos sa Phlean seo.

Leagann an plean síos sé théama straitéiseacha agus rianaíonn sé na spriocanna agus cuspóirí is gá a aimsiú chun na téamaí seo a fhorfheidhmiú sa 3 bliain atá romhainn. Treoróidh sé imeachtaí na heagraíochta sa tréimhse chéanna. Díreoidh SFAÉ a fuinneamh ar mhonatóireacht leanúnach ar fhorbairtí idirnáisiúnta san fhuilaistriúchán agus ar na bagairtí atá ag teacht chun cinn i soláthar fola, ar ghaol éifeachtach a chothú leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, leis an HSE agus le forais acadúla a bhfuil spéis acu i bhfuilaistriúchán, ar an luach is fearr a fháil d'ár n-acmhainní reatha agus ar úsáid na teicneolaíochta a uasmhéadú. Tá seo ar fad rí-riachtanach má táimid le seirbhís fuilaistrithe cuí éifeachtach a sholáthar.

Ní laghdóidh an tiomáint chun luach ar airgead a fháil, i gcomhthéacs le lánseirbhís níos éifeachtaí, ár dtiomantas chun seirbhís shábháilte cháilíocht-dhírithe a thairiscint d'othair agus do dheontóirí.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an mBord agus le foireann uile SFAÉ, as an méid atá curtha acu le forbairt an Phlean seo, fad a admhaím go bhfuil na buntascanna fós romhainn, chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach a aimsiú.

**Ms Katharine Bulbulia**
Cathaoirleach

# Plean Straitéiseach 2010 - 2012

Is eagraíocht náisiúnta í SFAÉ atá freagrach as seirbhísí fuilaistriúcháin a sholáthar d'othair na Éireann. Tá sí ag brath go hiomlán ar fhlaithiúlacht deontóirí saorálacha neamhíoctha chun soláthar seasmhach fola agus comhpháirteanna fola a chur ar fáil d'othair. Is gné chriticiúil í de chúram sláinte na linne seo a sholáthraíonn fuil, comhpháirteanna fola agus táirgí fola d'othair. Maoinítear í trí chostas a ghearradh ar ospidéil dár dtáirgí agus seirbhísí ag praghas a aontaítear leis an Roinn Sláinte agus Leanaí.

Mar Ghníomhaireacht Stáit Neamhthráchtála leagtar a socruithe rialachais amach sa Chód Cleachtais leasaithe do Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit. Luíonn freagracht as rialachas SFAÉ ar an mBord a cheapann an tAire Sláinte agus Leanaí, ar a bhfuil dhá chomhalta déag. Chun cabhrú leis an mBord a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, tá roinnt Fochoistí ann a phléann le sainghnéithe de ghnó na heagraíochta, mar atá, an Coiste Comhairleach Míochaine, an Coiste Airgeadais, Coiste Inniúchóireachta agus Comhaill, Coiste Luach Saothair agus Coiste Forbartha Taighde. Déantar idirdhealú soiléir idir róil agus dualgais an Bhoird agus an Fheidhmeannais.

**In Ionstraim Reachtúil 78 de 1965, luaitear feidhmeanna SFAÉ mar a leanas:**

(a) maoin (lena n-áirítear ábhair i gcaingean), sócmhainní, cearta agus dliteanais na Cuideachta, a tháthcheangal;
(b) seirbhís fuilaistriúcháin (ar a dtabharfar "an tSeirbhís" ina dhiaidh seo) a eagrú agus a riaradh, lena n-áirítear próiseáil nó soláthar díorthaigh fola nó táirgí fola eile agus, freisin, tástálacha fuilghrúpa agus eile, i dtaca le heiseamail fola a fhaigheann an Bord;
(c) fuil agus táirgí fola a chur ar fáil;
(d) trealamh nó imoibrithe a bheadh so-úsáidte ó thaobh na seirbhíse de, a chur ar fáil;
(e) cibé táillí (más ann dóibh) a shíleann an Bord a bheith oiriúnach a ghearradh ar na seirbhísí a luaitear ag (b), (c) agus (d) thuas, agus nuair a thugann an tAire treoir i dtaobh na dtáillí seo, géilleadh don treoir sin;
(f) comhairle, faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil faoi aon ghné den tseirbhís don Aire, d'aon

údarás sláinte nó d'aon údarás ospidéil;

(g) aon soláthar is gá a dhéanamh do bholscaireacht maidir leis an tseirbhís;

(h) taighde, oiliúint agus teagasc daoine a eagrú, a sholáthar, a spreagadh, nó cuidiú leo i gcúrsaí a bhaineann le fuilaistriú agus ullmhú táirgí fola; agus

(i) comhoibriú le comhlachtaí eile a bhfuil feidhmeanna eolaíochta den chineál céanna acu.

## Leasaíodh na feidhmeanna seo i 1988, 2000 agus 2003 mar a leanas:

- seirbhís baincéireachta súl a eagrú agus a riaradh;

- seirbhís a eagrú agus a riaradh chun tuairiscí maidir le torthaí gan choinne nó neamh-inmhianaithe ar aistriú fola nó comhpháirteanna fola a sholáthraíonn an Bord, a fháil agus a mheasúnú, lena n-áirítear tuairiscí a chur ar fáil do Bhord Leigheasra na hÉireann faoi aon torthaí gan choinne nó neamh-inmhianaithe ar aon aistriúchán fola nó comhpháirteanna fola dá shórt;

- comhdhlútháin fachtóra téachtaithe a chur ar fáil nach bhfuil fuil nó táirgí fola iontu, agus gníomhairí míochaine bitheolaíochta eile lena n-áirítear na hullmhóidí próitéine athchuingrí a úsáidtear chun neamhoird téachta a chóireáil agus neamhoird chomhbhreithe nó faighte a bhfuil leibhéil laghdaithe nó foirmeacha mífheidhmiúla de phróitéin plasma mar shaintréithe acu.


Bord
Príomhfheidhmeannach
Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin
Príomh-Fheidhmeannach
Oibríochtaí – slabhra soláthair
Cáilíocht & Comhall
Míochaine & Eolaíochta
Acmhainní Daonna
Airgeadas
An Coiste Comhairleach Míochaine (MAC)
Coiste Airgeadais
Coiste Iniúchóireachta & Comhaill
Coiste Luach Saothair
Coiste Forbartha Taighde

# Struchtúr Rialachais

## Struchtúr Eagraíochta

Déantar an obair eagraíochta trí roinnt bunfheidhmeanna atá eagraithe ar bhonn náisiúnta. Is í an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin an príomhchomhlacht cinnteoireachta, a bhfuil córas buiséadaithe cineachta acu. Tá cairt leis seo a léiríonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin reatha. Tá an ceannáras lonnaithe i mBaile Átha Cliath, mar a bhfuil an príomhionad tástála agus próiseála. Tá ionad tástála agus próiseála i gCorcaigh, freisin, agus foirne bailiúcháin i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Ceatharlach, Luimneach, Baile Átha Fhirdhia agus Tuaim, agus clinicí deonacháin seasta i mBaile Átha Cliath (2) agus Corcaigh.

## Comhshaol Gnó

Feidhmíonn SFAÉ laistigh de chomhshaol ard-rialaithe. Tá na coinníollacha feidhmithe i gceist cosúil lena bhfeidhmíonn i dtionscal na cógaisíochta. Cinntítear go bhfuil an tseirbhís aistriúcháin sábháilte trí chomhoibriú dlúth idir SFAÉ agus cliniceoirí i mbainistiú na ngnéithe den phróiseas fuilaistriúcháin a bhfuil siad freagrach astu. Ní féidir ach an fhuil a sholáthraigh deontóirí cuí-roghnaithe agus a tástáladh le haghaidh gníomhairí ionfhabhtaíochta in-tarchurtha aistriúcháin a eisiúint le haghaidh fuilaistriúcháin.

Is í an fhadhb bhunúsach dhosheachanta, go bhfuil fuilaistriúchán de réir nádúir i mbaol mór ó ionsaí víreas agus ó fhoirmeacha eile ionfhabhtaíochta. Is í an bhagairt is mó a d’fhéadfadh a bheith ann do sholáthar sábháilte fola, go dtiocfadh chun cinn víreas nua nó galar ionfhabhtaíoch nach bhfuil a bhunús eolaíochtúil / eipidéimeolaíoch an-soiléir agus nár forbraíodh aon tástáil lena aghaidh. De réir sainmhínithe, a luaithe a bíonn eolas ann go bhfuil víreas / galar ionfhabhtaíoch in-tarchurtha, tá dochar déanta cheana aige agus, b’fhéidir, marú. Beidh an bhagairt seo ann i gcónaí agus is gá cur chuige eolaíochtúil foirmeálta chun déileáil leis an réaltacht sin, in áit frithghníomhú in aghaidh bagairtí a luaithe a aithnítear iad. Tá bearta áirithe ann ar féidir iad a fheidhmiú chun an nochtadh a theorannú, má chruthaítear go bhfuil sé in-tarchurtha. Ghlac SFAÉ leis an bpolasaí seo sa dóigh inar dhéileáil siad ach go háirithe leis an mbagairt ón GCJa agus ó éilliú baictéarach i bpláitíní. Beidh an cur chuige seo againn i gcónaí, d’ainneoin chomhsaol dúshlánach na heacnamaíochta.

# Sinne

## Ár gCuspóir

Is é bunchuspóir SFAÉ, soláthar a dhéanamh do riachtanais fuilaistrithe othair na hÉireann.

## Ár Misean

Tá SFAÉ tiomanta don sármhaitheas ina freastal ar riachtanais othar trí ghairmiúlacht na foirne agus trí fhlaithiúlacht ár ndeontóirí.

## Ár bhFís

Is í fís SFAÉ, go mbeadh sí mar sheirbhís fuilaistriúcháin a sholáthraíonn sárchúram sláinte fuilaistrithe do mhuintir na hÉireann.

## Teastaíonn Uainn

**Othair**

Go mbeadh a fhios acu go bhfuil an fhuil a fhaigheann siad chomh sábháilte agus is féidir.

**Deontóirí**

Go dtuigfidh siad go bhfuil meas orthu, agus go mbeidh siad sásta lena mbaineann dóibh.

**An pobal cúram sláinte**

Go n-aithneoidís go bhfuil an táirge agus na seirbhísí a sholáthraímid ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, go bhfuil siad fíor-riachtanach dóibh lena spriocanna a aimsiú, agus gur fiú iad ar na hacmhainní a úsáidtear.



## Ciallaíonn aimsiú ár bhfísne…

**Torthaí níos fearr d’othair**

Tuigfidh othair go dtugann SFAÉ an tosaíocht is airde do shábháilteacht agus d’éifeachtúlacht na dtáirgí a sholáthraítear le haghaidh fuilaistriúchán.

**Earcaíocht fheabhsaithe agus coinneáil na ndeontóirí**

Bainfidh deontóirí sásamh agus luach saothair as fuil a thabhairt, rud a fheabhsóidh dílseacht na ndeontóirí.

**Seirbhísí cliniciúla feabhsaithe don fhoireann cúram sláinte**

Na seirbhísí cliniciúla a gheobhaidh an fhoireann cúram sláinte, cuirfidh siad ar a gcumas an tseirbhís fuilaistriúcháin is fearr atá ar fáil a sholáthar dá n-othair.

## Ár Luachanna

- **Sármhaitheas seirbhíse**
- **Ionracas**
- **Ómós**
- **Foghlaim**
- **Freagracht**
- **Comhobair**





“Tá athrú suntasach tagtha ar SFAÉ sa deich mbliana atá caite i ngach gné dá gnó. Tá sofaisticiúlacht bhreise sna teicneolaíochtaí a úsáidtear, athruithe ar shonraíocht na dtáirgí, rud a tharla tríd an bhfreagairt d’ionfhabhtaíochtaí nua, agus athrú freisin sa dóigh ina ndéanaimid ár ngnó”

# Comhthéacs do Phlean Straitéiseach 2010 – 2012

Tá an comhshaol ina bhfeidhmíonn SFAÉ ag síor-athrú agus má tá SFAÉ chun feidhmiú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr le hacmhainní srianta, beidh uirthi teacht ar bhealach oibre nua agus ar eagraíocht níos críochnúla agus níos éifeachtúla, atá solúbtha, aclaí agus an cumas aige freagairt do na dúshláin iomadúla a bheidh romhainn sa tréimhse 2010 – 2012. Is gá seo a aimsiú laistigh de chreat a chinntíonn luach níos fearr ar airgead, i gcomhshaol eacnamaíoch atá ag athrú go drámatúil.

Ní mór dúinn tógáil ar bhonn an dul chun cinn a rinneadh le feidhmiú Plean Straitéiseach 2005 – 2009, agus freagairt d'éilimh athraithe ospidéal, rialtóirí, deontóirí agus bhaill an phobail, a éilíonn go soláthrófaí táirgí agus seirbhísí den chaighdeán is airde.

Tá deireadh théarma a chéad phlean straitéisigh sroichte ag SFAÉ, agus chun Plean Straitéiseach nua a fhorbairt tá sé fíor-riachtanach go ndéanfaí anailís ar an gcomhshaol ina bhfeidhmíonn SFA E, chun tacú leis an bPlean Straitéiseach nua. Rinneadh amhlaidh trí mhúnla PESTEL a úsáid, agus rianaítear na pointí suntasacha thíos. Tá an Creat Feidhmíochta do 2010 aontaithe leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, agus sainspriocanna ann don ghnó ar fad.

### Creat Dlíthiúil

Rialaíonn roinnt Treoracha den AE, a leagann síos an creat dlíthiúil inar ghá do SFAÉ feidhmiú, soláthar na seirbhíse fuilaistriúcháin. Clúdaíonn siadsan na bunfheidhmeanna, mar atá, próiseáil agus tástáil, an córas cáilíochta agus teicneolaíocht.

### An Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Leasaíodh an Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit i Meitheamh 2009. Éilíonn sé go bhforbrófaí creat feidhmíochta idir na ngníomhaireachtaí Stáit agus a máthair-Ranna a shaineodh ionchais an Rialtais agus na nAirí maidir leis an gComhlacht Stáit (agus ionchais an chomhlachta féin), a shoiléireodh ról an chomhlachta san earnáil bheartais agus a shaineodh na paraiméadair a chuimsíonn acmhainní / ioncam an chomhlachta. Lamhálann creat feidhmíochta go nglacfaí le spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla araon, agus go bhforbrófaí táscairí aschuir agus toraidh, a bheadh bunaithe ar aschuir shoiléire, lena n-áirítear clocha míle a thomhaiseadh an seachadadh. Éilíonn sé, freisin, go soláthródh an ghníomhaireacht Stáit ráitis aschuir bhliantúla.

## Anailís PESTEL

### Fachtóirí polaitiúla

Tá SFAÉ freagrach i gcónaí don Roinn Sláinte agus Leanaí, agus is é an HSE ár bpríomhchustaiméir. Is tosaíocht leanúnach é do SFAÉ an gaol leis an Roinn agus leis an HSE a bhainistiú agus a fhorbairt. Is gá éifeachtaí oibríochta agus seirbhíse a thabhairt isteach le linn thréimhse an phlean straitéisigh seo, d'ainneoin deacrachtaí sa chomhshaol caidrimh thionsclaíochta náisiúnta, agus moratóir ar earcaíocht agus ar arduithe céime.

### Fachtóirí eacnamaíochta

Forchuireadh gearradh de €1 billiún ar chaiteachas an HSÉ do 2010, agus beidh tionchur díreach aige seo ar an leibhéal gníomhaíochta in ospidéil. Molann dréachtphlean seirbhíse an HSE do 2010 go nglacfaí le 54,000 níos lú iontrálacha, rud a mbeidh tionchar díreach aige ar úsáid fola sna hospidéil.

Chiallaigh forfheidhmiú Treor Fola an AE i 2006 go bhfuil feidhm ar fud na hEorpa anois ag an gcaighdeán bailithe agus tástála fola don AE ar fad, rud a d'fhéadfadh iomaíocht a chothú ó sholáthróirí eachtracha.
Chruthaigh infheistíocht shuntasach an Stáit i SFAÉ sa 10 bliain atá caite áis ar chaighdeán domhanda chun fuil a phróiseáil agus a thástáil in Éirinn – beidh dúshlán mór

romhainn an caighdeán áiseanna agus teicneolaíochtaí seo a choinneáil nuair atá meathlú geilleagrach ann. Feabhsófar na seirbhísí atá ar fáil d'ospidéil le forbairt na háise nua i gCorcaigh. De thoradh chomhtháthú na seirbhísí gearrfar costais agus cuirfear sin chun laghdú na bpraghsanna.

Tá an tiomáint chun éifeachtúlachta agus coigealtais ag bailiú moimintim, agus súfaidh siad chucu cuid mhaith dár n-iarrachtaí sna blianta beaga atá romhainn, de réir mar a bheidh scrúdú níos géire á dhéanamh ar úsáid na ngann-acmhainní atá ann chun cúram sláinte a sholáthar.

### Fachtóirí socheolaíocha

Léiríonn daonáireamh 2006 gur tháinig méadú de 322,645 ar dhaonra na hÉireann, nó 8.2%, thar thréimhse 4 bliain. In Aibreán 2006, measadh go raibh daonra de 4.6 milliún duine ann. Mhéadaigh líon na ndaoine a bhí 65 bliain nó thairis le gach daonáireamh ó 1961 i leith, ó 315,000 sa bhliain sin go 468,000 i 2006. Is ionann agus 11% den daonra an catagóir seo anois. Ní mheastar go mbeidh méadú ar an éileamh ar fhuil de bharr athraithe ar an aoischohórt seo le linn shaolré an Phlean.

Shroich taisteal eachtrach mhuintir na hÉireann buaicphointe i 2007/2008, agus le linn na mblianta seo tháinig méadú ar an líon daoine a thaistil go láithreacha coimhthíocha. Tháinig laghdú 6.5% go 1,927,000 ar na turais eachtracha a ghlac cónaitheoirí Éireannacha sa dara ráithe de 2009, i gcomparáid le dara ráithe 2008. Bhí titim 15% ar thurais saoire agus titim 5.3% ar thurais ghnó. Léireoidh seo laghdú ar iarchuir i gcatagóirí éagsúla taistil, rud a bheidh dearfach ó thaobh na ndeonachán de.

I 2006, bhí 420,000 náisiúnach neamh-Éireannacha as 88 tír éagsúil ag maireachtáil in Éirinn. Cé gur laghdaigh an líon seo mar thoradh ar an meathlú geilleagair, is ábhar machnaimh tábhachtach fós é maidir le seachadadh seirbhísí feasta. I gcoitinne, meastar go mbeidh laghdú beag ar úsáid fola thar shaolré an phlean.

### Fachtóirí teicneolaíocha

Rinne an dul chun cinn teicneolaíoch i mbaincéireacht fola sa deich mbliain atá caite a chion chun sábháilteacht othar a fheabhsú. Bhí SFAÉ, a ghlac go luath leis na teicneolaíochtaí nua, chun tosaigh i mórán de na forbairtí seo. Tá sé riachtanach go mbeadh an fhuil a thugtar i gcónaí chomh sábháilte agus is féidir, agus is féidir seo a aimsiú le nuabhealaí nuálacha a bhainfidh buntáiste as forbairtí teicneolaíochta nach n-ídíonn mórán acmhainní, trí chomhpháirtíocht agus chomhghualaíocht le forais baincéireacht fola eile.

Measúnóidh an Próiseas Measúnaithe Teicneolaíochta Sláinte san Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte na nua-theicneolaíochta sa chéad dul síos feasta.

### Comhshaol

Tá béim bhreise ar an gClár Glas agus bhí, agus beidh, tionchar aige seo ar SFAÉ i gcónaí. Fabhróidh an bealach ina ndiúscraímid dramhaíl chliniciúil go leanúnach.
Ina theanntasan, is gá do SFAÉ a lorg coise carbóin a athbhreithniú, go sonrach san NBC, agus céimeanna cuí a ghlacadh chun é a laghdú.

### Dlí

Beidh tionchar leanúnach ag athruithe sa Dlí Fostaíochta ar an dóigh a mbainistíonn SFAÉ a foireann. Tá síor-athruithe ag teacht ón Eoraip a éilíonn athruithe ar ár mbeartais agus ár ngnáthaimh. Tá comhshaol an rialaithe do chúrsaí fola agus fíocháin ag éirí níos éilithí i gcónaí, agus na caighdeáin a iarrtar ag méadú. Ní mór ceist rialachas an NHO a réiteach sa dóigh go mbeidh rialachas ar neamhchomaoin ann sa réimse seo. Beidh an ról agus maoiniú todhchaíoch a bheartaítear don NHO mar ábhar plé idir SFAÉ agus RS&L.

# Treo Straitéiseach

## ár straitéis bunaithe ar 6 téama leathana:

**1. Soláthar fola agus seirbhísí inbhuanaithe sábháilte a chur ar fáil a shásóidh gach caighdeán sábháilteachta agus comhaill**

Leanfaimid le hathbhreithniú agus le hoiriúnú ár slabhra soláthair; ag díriú ar thaithí an deontóra, ó phróiseáil go tástáil fola, chun í a eisiúint agus a dháileadh ar ospidéil.

**2. An cleachtas idirnáisiúnta is fearr a choinneáil**

Coinneoimid an cleachtas is fearr agus an t-ardchaighdeán cáilíochta agus comhaill atá bainte amach i ngach gné dár ngnó, d'ainneoin acmhainní srianta. Forbróimid sraith aschur intomhaiste ón gCóras Bainistíochta Cáilíochta a chinnteoidh go mbeidh feabhsú leanúnach ar an gcáilíocht.

**3. Cuísheirbhísí Othair a sholáthar chun freastal ar riachtanais othar agus cliniceoirí**

Déanfaimid an raon reatha seirbhísí othair a choinneáil i gcónaí agus lorgóimid deiseanna chun breis sainseirbhísí a fhorbairt ar dhóigh costas-éifeachtach.

**4. Oiriúnú do chomhshaol gnó atá ag athrú**

Forbróimid próisis ghnó atá níos dírithe, agus socruithe rialachais le príomhpháirtithe leasmhara. Leanfaimid ag athbhreithniú na heagraíochta agus ár gcóras oibre agus déanfaimid na hathruithe is gá ar na struchtúir agus córais d'fhonn ár bpleananna a chur i gcrích go rathúil ar an dóigh is costas-éifeachtaí is féidir. Éileoidh seo úsáid ICT ar an mbealach is fearr chun faisnéis gnó de cháilíocht fheabhsaithe a sholáthar do SFAÉ, próisis a fheabhsú, caidreamh níos dlúithe a chothú lenár bpáirtithe leasmhara agus idirghníomhaíocht níos fuinniúla a chur ar fáil.

**5. RGaolmhaireacht agus Comhghuaillíocht**

Cothóimid gaol láidir leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, leis an HSE agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, go sonrach ár ndeontóirí, agus leathnóimid ár gcomhobair amach ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Féachfaimid go gníomhach le sraith prionsabal gníomhaíochta a aontú ar chuma comhpháirtíochta leis an Roinn. Chruthódh an comhaontú seo creat don dá pháirtí ina bhféadfaí saincheisteanna suntasacha mar an Plean Straitéiseach, Ionad Chorcaí, GCJa, múnlaí praghsála agus maoinithe a phlé. Ba chóir go n-éascódh an Cód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit agus forbairt Creat Feidhmíochta é seo.

**6. Athchumrú Seirbhísí**

Mar thoradh ar chinneadh an Rialtais maidir le hIonad nua a sholáthar do Chorcaigh agus Clár Bunathraithe an HSE, beidh ar SFAÉ a seirbhísí a athchumrú le go mbeidh sí in ann leanúint ag soláthar sárchúram othair. Beidh tionchar ag ráta an athraithe sa HSE air seo, ag an moratóir ar earcaíocht agus arduithe céime, ag an gcoigealtas costais is gá agus ag teacht i bhfeidhm Ionad nua Chorcaí.i

# :01 Soláthar fola agus seirbhísí inbhuanaithe sábháilte a chur ar fáil a shásóidh gach caighdeán sábháilteachta agus comhaill

## Cuimseoidh seo bainistiú éileamh agus stoc fola, sa dóigh go n-úsáidtear bronntanas an deontóra ar an mbealach is fearr. Tig seo a aimsiú trí:

- Cur i bhfeidhm Córais Bhainistíochta Stoc Fola a thabharfaidh trédhearcacht iomlán do shuíomh an tsoláthair náisiúnta agus a chuideoidh le laghdú deachmaíochta.

| Bunspriocanna Inghnóthaithe |
|---|
| • Tacaigh le gréasáin na nOspidéal chun Moil a bhunú, agus le gluaiseacht stoic chun ídiú deargcheall a laghdú. Is é an cuspóir, deachmaíocht ospidéil a laghdú ó 4% go 2% deargcheall eisithe. I 2011, an iompar idir ospidéil agus loistíocht aistrithe a fhorbairt. |
| • I 2010, tabhair ar ospidéil páirt a ghlacadh i scéim BSMS, glacadh le hoiliúint VANESSA agus tosú ag inchur sonraí. |
| • 2011, socraigh lánpháirtíocht na n-ospidéal agus cuairteanna ar ospidéil nach bhfuil ag laghdú deachmaíochta. |
| • 2012, athbhreithnigh agus anailísigh na torthaí ar shonraí inchuir na bliana uile do BSMS agus aontaigh bearta ceartaithe breise leis na hospidéil. |

- Bainistiú eisiúintí O-diúltach. Tá úsáid O-diúltach in an-chuid ospidéal míchuí. Tá baol mór ann go ndéanfaí na deontóirí seo a ró-fhuiliú agus deacracht soláthair a chruthú dá bharr. Caithfimid sraith bearta a sheachadadh chun úsáid chuí a chinntiú agus deachmaíocht a laghdú.

| Bunspriocanna Inghnóthaithe |
|---|
| • I 2011, tionscain praghsáil dhifreálach nó meicníocht lacáiste chun cuí-úsáid O-diúltach a spreagadh |
| • Múnla stocála pláitíní a fhorbairt do ghréasáin na n-ospidéal chun úsáid níos éifeachtaí a chothú de stoic pláitíní SFAÉ agus na n-ospidéal. Is é an cuspóir, ídiú pláitíní SFAÉ a laghdú ó 15% go 10% de na pláitíní a fhaightear. |
| • I 2010, píolótaigh múnla i ngréasán an HSE Thiar |
| • I 2011, tionscain feidhmiú an mhúnla tar éis na gréasáin eile a athbhreithniú<br>• Forbair agus feidhmigh prótacal úsáidte pláitíní – laghdaigh úsáid pláitíní de réir na gcleachtas idirnáisiúnta is fearr<br>• Thar shaolré an phlean, tá sé mar chuspóir, an úsáid pláitíní a laghdú go hidir 3 agus 4 in aghaidh an 1,000 de dhaonra. |

Spreag agus cothaigh cuí-úsáid fola in ospidéil, trí oideachas agus teicneolaíocht. Solathróidh an Clár um Úsáid Optamach ardán chun an sprioc seo a aimsiú. Is gá comhairleoir sinsearach a bhfuil taithí aige ar mhíochaine an fhuilaistriúcháin a bheith i mbun an chláir seo, má tá rath le bheith air.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- I 2010, déan socrú go bhforbrófar, go scaipfear le plé, agus go bhfoilseofar i bhfoirm leictreonach laistigh den HSE, treoirlíne chuimsitheach maidir le tásca cliniciúla um aistriú deargcheall agus pláitíní; go mbeidh suíomh gréasáin forbartha le haghaidh úsáid optamach fola laistigh de chóras an HSE agus na treoirlínte agus cuí-aisc tacaíochta uaslódáilte.
- I 2011, socraigh go bhforbrófar, go dtástálfar agus go mbeachtófar acmhainní barda-bhunaithe chun tacú leis an gcleachtas optamach fuilaistrithe, lena n-áirítear aon-iarratas ordaithe fuilaistrithe náisiúnta. Socraigh go bhforbrófar agus go n-aontófar ar struchtúir náisiúnta iniúchta agus tagarmharcála ar fud chóras na n-ospidéal uile. Sainaithin laigí struchtúrtha sa chóras Éireannach i gcomparáid leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, go sonrach, i gCeanada, i dTuaisceart Éireann agus sa RA, agus forbair scéim costas-neodrach chun iad a cheartú.
- I 2010, socraigh go bhforbrófar agus go scaipfear lena plé, treoirlíne chuimsitheach maidir le tásca cliniciúla d'aistriú deargcheall agus pláitíní. I 2012, cuir córas iniúchta agus aiseolais i bhfeidhm a thabharfaidh faisnéis thráthúil don chliniceoir agus a thacóidh le múnlú chleachtas an todhchaí.
- Bunaigh Coiste Náisiúnta Fuilaistriúcháin a thuairisceoidh isteach i struchtúr an HSE, ag feidhmiú trí Choistí Fuilaistriúcháin na nOspidéal, Haemaiteolaithe, bainc fola agus tríd an gcóras haemafhaireachais.

# Soláthar fola inbhuanaithe sábháilte a chur ar fáil a shásóidh gach caighdeán sábháilteachta agus comhaill

Tá seachadadh soláthair sheasmhaigh fola ag brath ar leorlíon deontóirí atá sásta fuil a thabhairt agus, mar sin, tá earcú agus coinneáil deontóirí fíor-riachtanach. Is féidir seo a bhaint amach tríd an méid seo a leanas:

- Lean de bheith ag athrú / feabhsú an bhealaigh ina bhfaighimid deonacháin trí asraoin de chuid na meán, chun an fhreagairt a uasmhéadú. Tar ar dheontóirí nua chun an bonn deontóirí a leathnú, agus go háirithe, spriocaimsigh daoine óga. Déan cumarsáid le deontóirí ar dhóigh a fhreagraíonn don mheán cumarsáide nua-aimseartha.

| Bunspriocanna Inghnóthaithe |
| --- |
| • Ár straitéis chuimsitheach cumarsáide le deontóirí a fhorbairt agus a neartú, lena n-áirítear |
| • I 2010, lean ag forbairt suímh gréasáin SFAÉ |
| • 2010 – 2012, neartaigh láithreacht leathanach Facebook SFAÉ |
| • 2010 – 2012, forbairt láithreacht SFAÉ ar Twitter |

- Cuir béim shonrach ar líon na ndeontóirí a fhaightear ó Bhaile Átha Cliath a fheabhsú.

| Bunspriocanna Inghnóthaithe |
| --- |
| • 2010, athbhreithnigh na roghanna atá ar fáil chun an líon deonachán a mhéadú i mBaile Átha Cliath. Arna mheasúnú, tosaigh ag forfheidhmiú na bearta aontaithe. |
| • I 2010, forbair cur chuige ina meaitseáiltear coinní deonacháin le riachtanais cliantchuideachtaí |
| • I 2011, cuir an cur chuige seo i bhfeidhm ar chlianchuideachtaí i gclinicí Shráid D'Olier agus Stigh Lorgan. |

- Athbhreithnigh an ionad deonacháin agus na huaireanta oscailte d'fhonn deonacháin a dhéanamh níos inroichte agus áisiúla, fad atá éifeachtúlacht phróiseáil an deontóra á bhrú, freisin.

| Bunspriocanna Inghnóthaithe |
| --- |
| • I 2010, lean ag athbhreithniú agus ag athrú uaireanta oscailte, agus minicíocht na gcuairteanna ar láithreacha áirithe, agus feabhsaigh an chumarsáid i gclinicí |
| • 2011, piolótaigh córais coinní deontóra do na clinicí soghluaiste |
| • 2012 déan éifeachtúlacht an phiolóta a mheas agus forbair an bealach chun cinn |
| • Deonachán in aghaidh foireann bailiúcháin WTE de 1.5 a aimsiú |

- Athchóirigh na critéir dámhachtaine sa dóigh go dtuigfidh deontóirí go bhfuil meas ar a gcion tairbhe.

# :02 An Cleachtas Idirnáisiúnta is Fearr a Choinneáil

## Fuil a Choinneáil Sábháilte

Tá eolas againn, tríd is tríd, faoin mórdhul chun cinn agus faoi na bagairtí nua a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an soláthar fola sa 3 bliain atá romhainn. Cuimsíonn seo patrúin ionfhabhtaíochta – go háirithe fliú, víreas Chikungunya, Dengue, víreas na Níle Thiar, GCJa, mar aon le VEID, Sifilis, Heipitíteas C&B, agus forbairtí teicneolaíochta, mar atá, tíopáil fola mhóilíneach, tástáil NAT, agus laghdú pataigine.

Ní mór do SFAÉ sraith straitéisí críochnúla a fhorbairt chun déileáil leis na bagairtí nua seo.

### An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais

Leanfaidh an lár-ról ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais i monatóireacht, i bhfáil agus i moladh gníomhartha ceartaithe a eascraíonn as tuairiscí faoi theagmhais throma dhíobhálacha agus frithghníomhartha troma díobhálacha.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Faireachas faoi fhorbairtí i GCJa – le béim ar leith ar aon chinneadh den RA chun scagachán prión a fhorfheidhmiú
- Rannpháirtíocht i gcoistí ábhartha sa RA a phléann le sábháilteacht fola agus, nuair is cuí, i gCoistí Idirnáisiúnta eile
- An léaslíne a ghrinnscrúdú chun luathrabhadh a thabhairt faoi bhagairtí nua, i dtreo gur féidir straitéisí críochnúla a sheachadadh go tráthúil
- Síor-athbhreithniú agus measúnú rioscaí, agus glacadh le bearta coisctheacha
- Má dhéantar cinneadh prión a scagadh ar scála ar bith, beidh maoiniú ar leith de dhíth chuige sin ón Rialtas

Léirigh aimsiú na n-ardchaighdeán don phobal, agus cinntigh go bhfuil muinín acu as an soláthar fola. Cinnteoidh SFAÉ go gcloífear i gcónaí le creidiúnú rialála agus le riachtanais comhaill.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Forbair sraith tomhas a léiríonn go bhfuil an QMS ag seachadadh feabhas leanúnach
- Déan athbhreithniú iomlán ar struchtúr na Feidhme Cáilíochta, lena chinntiú go bhfuil sé eagraithe ar an dóigh is críochnúla agus is éifeachtúla
- Forfheidhmigh cuíphleanáil comharbais 2010 – 2012, lena chinntiú go ndéanfar an bonn eolais a chosaint agus a fheabhsú

Tá seirbhís tagartha seireolaíochta á sheachadadh ag SFAÉ sa tsaotharlann imdhíon-haemateolaíochta, agus ní mór don tsaotharlann seo creidiúnú ISO 15189 a bhaint amach.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Cuir iarratas isteach ar cheadúnas i 2010 don tSaotharlann Diagnóisice i mBaile Átha Cliath
- A luaithe a thugtar an ceadúnas do Bhaile Átha Cliath, cuir iarratas ar cheadúnas isteach do Shaotharlann Diagnóisice Chorcaí
- In tandem prepare other testing laboratories for application for this standard. Have licence approval for testing laboratories by end 2012

An tSaotharlann Náisiúnta um Thíopáil Fíocháin ag coinneáil chreidiúnú EFI.

# :03 Cuísheirbhísí othair a sholáthar chun freastal ar riachtanais othar agus cliniceoirí

## Rialachas Cliniciúil

Beidh Rialachas Cliniciúil dírithe ar cháilíocht agus ar chúram othair. Cuimseoidh sé cur chuige comhtháite struchtúrtha, d'fhonn leas a bhaint as na hacmhainní ábhartha uile laistigh de SFAÉ chun é a aimsiú. Forfheidhmeofar Creat Rialachais Chliniciúil le linn thréimhse an phlean seo, ina mbeidh SFAÉ agus a foireann freagrach as feabhas a chur ar na seirbhísí a thugtar d'othair.

## Cuimseoidh soláthar cuísheirbhísí othair chun freastal ar riachtanais othar agus cliniceoirí, roinnt tosaíochtaí:

- Soláthar d'fhuil cheart don othar ceart, trí chomhobair níos dlúithe le cliniceoirí agus trí shainbhearta de chuid SFAÉ ar nós algartain

- Bhéarfaidh an clár úsáide optamaí a moladh, toradh ar an tosaíocht seo i 2011, má ghlacann an HSE leis

- Soláthar comhairle chliniciúil do chliniceoirí, do mheithil oibre agus do pháirtithe comhspéise eile atá páirteach i seachadadh seirbhísí othair, nuair atá leas dílsithe sa chás ag SFAÉ

- Leathnú na seirbhísí fíocháin chun baincéireacht fuilchorda, gascheall géagach agus réimsí eile, atá faoi shainordú SFAÉ agus a chuideoidh le soláthar na seirbhísí seo don HSE, a chuimsiú.

| Key Deliverables |
| --- |
| • Clár na ngascheall géagach faofa agus maoiniú faighte do thionscadal 2 bliain |
| • Comhaontú imlíneach déanta le NIBTS maidir le forbairt banc náisiúnta fuil chorda a bheadh lonnaithe i mBéal Feirste. An tionscnamh seo a thabhairt i bhfeidhm sa tréimhse 2010 – 2012. |

- Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga ar úsáid tástála ag ospidéil i saotharlann an HLA. Caithfidh an tsaotharlann a bheith in ann freagairt don éileamh méadaithe seo agus an acmhainn teicneolaíochta a bheith aici i gcónaí chun torthaí a sholáthar d'othair.

| Key Deliverables |
| --- |
| • I 2010 – 2011, forfheidhmigh an cleachtas is fearr caighdeáin chun seirbhís níos éifeachtúla a sholáthar don líon méadaithe othar a fhaigheann trasphlanduithe HSCT |
| • 2010 – 2012, forfheidhmigh bunachar sonraí nua d'othair HLA, atá comhtháite le córas rialála an bhainc fola |

D'éirigh go sármhaith leis an gclár Haemacrómatóise agus caithfimid an tseirbhís seo a leathnú ar bhonn náisiúnta le linn thréimhse an phlean seo.

| Key Deliverables |
| --- |
| • 2010 – 2012, forfheidhmigh clinicí samplacha, amháin, ag ionaid ar fud na tíre a ligfidh do SFAÉ daoine le haemacrómatóis a chur ar bhunachar sonraí na ndeontóirí, agus a chuirfidh ar a gcumas siúd fuil a thabhairt ag ár ngnáthchlinicí deontóra |
| • Deiseanna a thabhairt d'othair ó ospidéil eile chun fuil a thabhairt. |

# :04 Oiriúnú do Chomhshaol Gnó atá ag Athrú

De bharr cúinsí eacnamaíochta athraithe, beidh brú mór ar SFAÉ a costais a laghdú agus, dá réir sin, an praghas a ghearrtar ar chustaiméirí dár dtáirgí. Ciallaíonn seo go ndéanfar coigilt mhór ar chostais le táirgiúlacht agus éifeachtúlacht níos fearr. Beidh tionchar aige seo ar roinnt bealaí:

- Luas an athraithe – le linn na ndeich mbliana atá caite bhí luas domheasta faoin ráta athraithe. Le hacmhainní srianta, áfach, athróidh seo agus éileoidh sé breis réamhphleanála lena chinntiú go ndéileálfar leis na saincheisteanna tosaíocha.
- Beidh gá lánscrúdú a dhéanamh ar gach gné dár ngnó agus measúnú níos géire ar iarratais ar chaiteachas, le béim ar a bhfuil an-riachtanach agus inaimsithe chun ár Straitéis a sheachadadh.
- Is gá dúinn comhthathú nuair is cuí, agus seirbhísí a sheachfhoinsiú más féidir le solathróirí eachtracha iad a sheachadadh ar dhóigh níos éifeachtúla gan chur as don chaighdeán.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- 2011 – 2012 Gnéithe iompair a sheachfhoisiú chun coigilt a dhéanamh agus breis éifeachtúlachta a chothú sa réimse gníomhaíochta seo.

- Caithfimid páirt a ghlacadh i dtionscnaimh cheannaigh atá níos comhoibríche, go háirithe leis an HSE ach, freisin, lenár gcomhpháirtithe san Eoraip.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Fiosrú an féidir leictreachas agus fóntais eile a cheannach i gcomhar leis an HSE agus buntáiste a bhaint as a bpraghsanna lascainithe
- Páirt a ghlacadh sa Chomhghrúpa Ceannaigh atá á bhunú ag Comhghuaillíocht Fola na hEorpa
- Scrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le comhsheirbhísí a chothódh coigilt i SFAÉ gan leibhéal na seirbhísí ná an fhreagracht a laghdú
- Páirt iomlán a ghlacadh i bpróiseas tagarmharcála an EBA agus cuíbhearta a cheapadh a d'fheabhsódh éifeachtúlacht agus críochnúlacht phróisis SFAÉ

- Éileoidh athbhreithniú seo ar ár seirbhísí, freisin, go lorgóimid deiseanna chun sruthanna nua ioncaim a fhorbairt.
- Chun éifeachtúlacht oibríochta a sheachadadh i mbailiú na ndeonachán, ní mór dúinn móiminteam a choinneáil maidir leis an tionscnamh um Athbhreithniú an Phróisis Deontóra.
- Lean ag scrúdú phróisis na hoibríochta chun teacht ar dheiseanna sruthlínithe agus breisluacha.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- 2010, déan pleanáil agus ullmhú chun oibríochtaí seirbhís deontóra cúloifige a lárú
- 2011, forfheidhmigh an plean láraithe
- Fiosraigh réimsí eile do chomhsheirbhísí. Forbair comhsheirbhísí chun seirbhísí reatha a chomhtháthú ar shuíomh amháin i mBaile Átha Cliath mar thús
- Úsáid teicneolaíocht chun próisis a athrú agus laghdaigh an méid próiseáil láimhe
- Athbhreithnigh gach seirbhís tacaíochta agus forbair bealaí níos éifeachtúla agus níos críochnúla chun na seirbhísí seo a chur ar fáil

Bíonn dúshlán ann i gcónaí d'oibreoirí fola sábháilteacht an tsoláthair fola a choinneáil fad a choinnítear, freisin, struchtúr airgeadais sláintiúil agus a uasmhéadaítear an luach a thugtar, leis na hacmhainní atá ar fáil. Beidh sé níos deacra an coimheá seo a choinneáil feasta i bhfianaise na n-athruithe don gheilleagar domhanda agus síorbhrúnna ar na córais chúraim sláinte, na paitigíní nua ar ghá aghaidh a thabhairt orthu, teicneolaíochtaí atá á bhforbairt agus a d'fhéadfadh ár dtionscail a mhúnlú a thuilleadh, agus dúshláin eile don slabhra soláthair ar deacair iad a thuar faoi láthair.

### Bainistiú Rioscaí

Bainistíonn SFAÉ a rioscaí trí rialuithe a mhaolódh na rioscaí seo a aithint, a mheas agus a fheidhmiú. Bainistítear iad de réir trí chatagóir, oibríocht, ICT agus cliniciúil. Athbhreithneofar modheolaíocht mheasúnú na rioscaí ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhfuil na rioscaí ábhartha á mbainistiú agus go bhfuil an bhéim maidir le gníomh ceartaitheach á cur sna réimsí criticiúla. Feidhmíonn SFAÉ Cláir Rioscaí do rioscaí eagraíochta, ICT agus cliniciúla. Déantar bainistiú gníomhach orthu seo lena chinntiú go gcoinnítear rioscaí aitheanta faoi athbhreithniú agus go maolaítear iad.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Aontaigh ar mhodheolaíocht leasaithe chun rioscaí a shainaithint agus a mheas.

# Oiriúnú do Chomhshaol Gnó atá ag Athrú

## Forbairt na hEagraíochta

Is eagraíocht foghlama í SFAÉ agus tá forbairt na foirne fíorthábhachtach, ós rud é nach dtig le SFAÉ na sainscileanna a iomportáil atá uaithi chun feidhmiú ar na hardchaighdeáin is gá i gcomhshaol a bhrathann ar shábháilteacht ach atá rialaithe go mór. Is gá go mbeadh an straitéis Acmhainní Daonna ailínithe le fís agus le luachanna SFAÉ; go bhforbródh sí ceannairí ardchaighdeáin agus go meallfadh sí chuici agus go gcoinneodh sí na daoine tréitheacha is fearr chun a cuspóirí straitéiseacha a aimsiú. Cuimseoidh seo:

**Forbairt an EMT agus na mbainisteoirí sinsearacha / meánacha chun an dáileadh acmhainní a optamú agus cultúr feidhmíochta a neadú san eagraíocht..**

- Forbair agus aontaigh ag leibhéal an EMT / Boird léirthuiscint ar an dóigh is gá an gnó a struchtúrú chun plé leis an gcomhshaol athraithe anois láithreach agus feasta.
- Lean den obair ar KPIs agus aontaigh ar na croí-KPIs a thabharfaidh le fios go soiléir go bhfuil na hathruithe a leagamar síos sa Straitéis seo á gcur i bhfeidhm againn.
- Lean ag glacadh páirt sna cúrsaí tagarmharcála atá ar bun i gcomhar le gníomhaireachtaí eile ar fud na hEorpa agus cinn cén áit go díreach is cóir dúinn a bheith sna príomhréimsí ábhartha dár ngnó
- Cuir na príomh-thagarharcanna in iúl go soiléir do na bainisteoirí líne agus don fhoireann, le go mbeidh léirthuiscint acu ar na spriocanna a cheaptar, ar ár n-ionchais ina leith sa ról atá acu i bhfeidhmiú na spriocanna sin, agus déan tomhas agus tuairisciú in aghaidh na dtagar-mharcanna seo. Go héifeachtach, beidh seo mar an uirlis bainistíochta feidhmíochta atá uainn
- Athbhreithnigh go bliantúil leis an mBord na dualgais chinnteoireachta a thuiteann ar an mBord agus na cinn a thuiteann ar an EMT
- Athbhreithnigh feidhmiú an EMT lena chinntiú go bhfuil sé ag feidhmiú chun uas-éifeachtúlachta don tseirbhís uile Q2-3 2010.

**Ceannairí agus bainistíocht a bheith ailínithe timpeall ar na príomhchuspóirí straitéiseacha agus iad freagrach as a seachadadh.**

- Déan ceannairí nádúrtha a shainaithint i ngach réimse den ghnó, agus  cinntigh go gcuirfear ar a gcumas cabhrú le seachadadh na n-athruithe atá uainn ar fud ár ngnó. Nuair is gá, pleananna forbartha a aontú do na daoine seo agus iad a ullmhú do chomarbas
- Cinntigh go ndéanfar bainistiú ar an bhfeidhmíocht i dtreo go n-aimseofar na spriocanna, agus bainistigh aon bhaic sa chóras a chuirfeadh cosc leo seo
- Athbheoigh / athfhuinnmhigh baill foirne a bhfuil bac ar a n-iarrachtaí chun na hathruithe is gá a aimsiú agus rathúlacht an ghnó a chinntiú. D'fhéadfaí seo a dhéanamh trí shainfhoireann a shannadh don Bhainisteoir Ceantair / Eagraí Ceantair ar feadh tréimhse sonraithe, chun cabhrú leis móiminteam chun athraithe a chothú
- Neadaigh an foghlaim in Quantum Leap le::
  - córas cóitseála agus meantóireachta a fhorbairt do na bainisteoirí líne

- cúrsaí athnuachana ½ lae ar phríomhréimsí an chláir Quantum Leap.

- Forbairt cuíphlean comharbais chun trasdul réidh a chinntiú, go háirithe i gcás poist chriticiúla.

- Forbair plean comharbais a chinntíonn go líonfar go tráthúil na róil thábhachtacha le daoine cearta a bhfuil na scileanna cearta acu Q3-4 2010. Is gá seo a nascadh le hathbhreithniú struchtúir le go gceapfar daoine don struchtúr a shásaíonn mar is fearr an riachtanas gnó
- Cuir deiseanna ar fáil le go bhfásfaidh agus go bhforbróidh an fhoireann, trí thaighde comhoibríoch, trí theacht i láthair ag comhdhálacha agus laethanta staidéir, agus trí chultúr foghlama a chothú thar gach roinn den eagraíocht.

Éileoidh seo athrú suntasach ar an dóigh a sholáthraítear ICT i SFAÉ. Is é an fócas a bheidh ag ICT le linn thréimhse an Phlean:

- Cur chuige straitéiseach a neadú i mbainistiú acmhainní agus inniúlachtaí ICT ar fud na heagraíochta.

- Cur chuige comhoibríoch a neadú maidir le hathruithe ICT-éascaithe, a chuimseoidh córas measúnuithe leanúnacha do gach mórchlár agus tionscadal athruithe atá ICT- éascaithe. Is é an riachtanas láithreach go n-uasghrádófaí an córas banc fola.

- Córas bainistíochta faisnéise a chruthú atá comhtháite, uileghabhálach.

- Oibríochtaí ICT a athbhreithniú, a shruthlíniú agus a chomhtháthú, agus deiseanna a thapú chun gnéithe a sheachfhoinsiú a bhféadfadh páirtithe eachtracha iad a láimhseáil ar dhóigh níos críochnúla agus níos éifeachtúla.

# :05 Gaolmhaireacht agus Comhguaillíocht

## Feidhmíonn SFAÉ laistigh de chomhshaol cúram sláinte, agus tá sé fíor-riachtanach go gcothóimís gaol críochnúil lenár bpríomhphháirtithe leasmhara d'fhonn seirbhís fuilaistriúcháin a sholáthar a bheidh cuí agus éifeachtúil. Is iad na príomhghaolta:

- An Roinn Sláinte agus Leanaí – ós í an roinn líne, tá sé fíor-riachtanach go n-aontófaimís ar an gcreat seirbhísí is cóir do SFAÉ a sholáthar, agus ar a chostas. Tá seo cuí, freisin, toisc an Chóid Cleachtais leasaithe, agus ba chóir go mbeadh feabhas ar an gcinnteoireacht dá bharr agus comhchur chuige i mbainistiú na ngalar ionfhabhtaíoch.

- HSE – cothóimid gaol láidir leis an HSE, ag dul i gcion ar, agus ag glacadh páirt i dtionscnaimh an athraithe, d'fhonn úsáid optamach na ndeonachán fola a chinntiú agus cur chuige comhpháirtíochta a chothú i seachadadh na seirbhísí fuilaistriúcháin.

- Comhoibriú le forais acadúla ábhartha chun ár mbonn taighde a mhéadú agus ár straitéis taighde a fhorbairt.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Téigh i bpáirt leis an Scoil Míochaine chun clár taighde atá aontaithe ag an mBord a sheachadadh
- Bunaigh Coiste Taighde ar a mbeidh saineolaí ábhartha eachtrach chun ábharthacht an taighde agus luach ar airgead a chinntiú

- Cliniceoirí – ag comhoibriú ina bhfreastal ar riachtanais fuilaistriúcháin na n-othar agus ag obair le chéile chun treoirlínte cuí a fhorbairt a thacóidh leis na riachtanais sin.

**Bunspriocanna Inghnóthaithe**

- Déanfaidh an clár um úsáid optamach dul chun cinn mór sa réimse le linn shaolré an chláir sin
- Forbair ár ngaol le cliniceoirí sna hospidéil, ag freagairt go cuí dá riachtanais

# :06 Athchumrú Seirbhísí

An tiomáint idirnáisiúnta i dtreo comhtháthaithe, an gá ag SFAÉ costais a choigilt agus cinneadh an Rialtais Ionad nua a cheadú do Chorcaigh, cuirfidh siadsan iallach ar SFAÉ a seirbhísí a athchumrú. Ina theanntasan, tá plean ag HSE Theas na seirbhísí ospidéil ghéarmhíochaine a athchumrú, rud a mbeidh tionchar aige ar an dóigh ina sheachadann SFAÉ seirbhísí go náisiúnta, agus go háirithe sa Mhumhain. Éileoidh seo:

- Forbairt agus cur i bhfeidhm Ionad nua Chorcaí.

**2010**
Déan cumarsáid agus téigh i gcomhairle leis an bhfoireann áitiúil chun a bhfuil pleanáilte, agus impleachtaí na bpleananna seo dá bhfostaíocht le SFAÉ i gCorcaigh, a imlíniú go soiléir; agus cinn an toradh a mbeadh dúil ag an bhfoireann ann faoi na cinnteidil seo:

- athlonnadh chuig:
  - Seirbhísí Saotharlainne SFAÉ
  - Seirbhísí eile SFAÉ, a éileoidh clár athoiliúna
  - Seirbhísí saotharlainne an HSE
  - HSE Theas – Seirbhísí eile a éileoidh clár athoiliúna
- Téigh i gcomhairle leis an HSE agus leis an RS&L maidir le hath-imlonnú fhoireann SFAÉ ar fud na Seirbhíse Sláinte, rud a éireoidh as forbairt an ionaid nua i gCorcaigh.
- Forbair straitéis chun athoiliúint agus ath-imlonnú na foirne a bhainistiú.

**2010**

- Críochnaigh aistriú na seirbhísí saotharlainne a cuireadh ar fáil chuig Ospidéal na Trócaire.

**2010**

- Críochnaigh aistriú na seirbhísí saotharlainne a tugadh don Otharlann Theas – Ospidéal Victoria, mar aon le haon aistriú foirne is gá. Athbhreithnigh seachadadh na seirbhísí chuig Ospidéil Ortaipéidice Nmh. Muire, i mBeanntraí agus i Mala.

**2011**

- Aontaigh le HSE Theas an dóigh a seachadfar seirbhísí atreoraithe séireolaíochta chuig ospidéil i HSE Theas.

- Comhtháthú seirbhísí tástála i mBaile Átha Cliath.

- Tá an Ghrúpáil Deontóirí le bheith comhtháthaithe i 2010
- Tá comhtháthú tástála sceidealta don uair a mbeidh an Ionad nua infheidhme. Is gá seo a choinneáil faoi athbhreithniú, áfach, i bhfianaise an mhaoiniú a bheidh ar fáil agus leibhéil an tsoláthair foirne.

**Seirbhísí Saotharlainne 2011 – 2012**

- Ceap straitéis chun seirbhísí saotharlainne a sholáthar do SFAÉ le linn an 5 – 10 bliain atá le teacht. Is cóir an méid seo a leanas a mheas laistigh den straitéis;
- Athstruchtúraigh bainistiú na seirbhísí saotharlainne, d'fhonn sineirgí a chothú
- Athstruchtúraigh an cumasc scileanna saotharlanna d'fhonn úsáid optamach acmhainní a chinntiú.



**“I 2010, tháinig laghdú ar phraghas na dtáirgí agus leanfaidh an treocht seo i 2011 agus 2012. Éilíonn seo go mbeadh laghdú ar ár mbonn costais, breis éifeachtúlachta agus comhtháthú seirbhísí.”**

# Straitéis Airgeadais

**Comhaontaítear buiséad SFAÉ leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ar bhonn bliantúil. I 2010, tháinig laghdú ar phraghas na dtáirgí agus leanfaidh an treocht sin i 2011 agus 2012. Éilíonn seo laghdú ar ár mbonn costais, breis éifeachtúlachta agus comhtháthú seirbhísí.**

Léiríonn réamhaisnéisí do 2011 agus 2012 go bhféadfadh easnaimh a bheith sna buiséid agus go gcaithfí déileáil leo mar chuid de straitéis 2010 – 2012. Is gá na réamhaisnéisí seo a léamh i gcomhthéacs

- Aon chomhaontú nua faoi phá san earnáil phoiblí
- Athrú ar mhaoiniú na scéime pinsin
- Soláthróirí ag iarraidh forchúitimh ar chuid den choigilt a tharla sa dá bhliain atá caite
- Faoi 2012, brú boilscithe de réir mar a mhéadaíonn an costas maireachtála, de bharr an mhéadú ar ghníomhaíocht eacnamaíochta.

## Na gníomhartha straitéise is gá:

- Dírigh ar choigilt bhreise ar chostais, ar éifeachtúlacht agus ar shruthanna ioncaim, d'fhonn buiséad meá ar mheá a bhaint amach i 2011 agus 2012.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Laghdaigh praghas na ndeargcheall de 9% agus an ranníocaíocht ó Thairgí Athchuingreacha de 3%
- I2010, athbhreithnigh an clár um Athrú Oibríochtaí agus ullmhaigh plean tacaíochta gnó
- I 2010, críochnaigh comhtháthú na seirbhísí Saotharlainne
- I 2011, coinnigh an choigilt a aimsíodh i 2009 agus 2010
- Faoi 2012, laghdaigh go mór an ranníocaíocht ó tháirgí fola nó déan gnó a aistriú i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus leis an HSE

- Forfheidhigh plean chun spriocanna buiséid a aimsiú i 2010-2012.

- Feabhsaigh na córais buiséadaithe agus tuairiscithe mar thacaíocht don phlean straitéiseach.

### Bunspriocanna Inghnóthaithe

- Bainistigh na buiséid go gníomhach i gcomhar leis na dréachtóirí buiséid, le cruinnithe minice chun cuntais a athbhreithniú
- Ó 2010 ar aghaidh, méadaigh leibhéal na faisnéise airgeadais agus eile atá ar fáil do bhainisteoirí buiséid
- I 2011, cuir réamhoiliúint ar fáil do na bainisteoirí buiséid.

# Straitéis Airgeadais

- Bunaigh tuiscint ar na tiománaithe costais atá san eagraíocht.

| Key Deliverables |
| --- |
| • I 2010, sainaithin na boinn agus na tiománaithe costais i SFAÉ, le cabhair tionscadal costála atá bunaithe ar ghníomhaíocht |
| • Ó 2011 ar aghaidh, ceap múnla costála atá láidir solúbtha, chun trédhearcacht a chothú i gcinntí praghsála a leagfaidh bonnlíne síos le haghaidh caibidlíocht le páirtithe leasmhara |
| • a leagfaidh bonnlíne síos le haghaidh caibidlíocht le páirtithe leasmhara I 2012, forfheidhmigh aschur an tionscadal ABC. |

- Rialú Inmheánach

  Cinntigh go dtugann na córais rialaithe inmheánaigh athdhearbhú don Fheidhmeannas, don Bhord agus don Roinn Sláinte agus Leanaí go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm agus á bhforfheidhmiú go héifeachtach. Dírigh ar an gclár iniúchóireachta inmheánaí chun na rialuithe criticiúla a thástáil, agus má mheastar gur gá bearta ceartaithe ní mór don Fheidhmeannas déileáil leis na saincheisteanna seo.

Irish Blood Transfusion Service

Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

An Lárionad Náisiúnta Fola
Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8
Teil: 00 353 1 4322800
Facs: 00 353 1 4322930
Rphost: info@ibts.ie

www.giveblood.ie
Eolaslíne Deontóra 1850 731 137

Designed by catalysto